

An Dara Háit sa Chatagóir Shinsearach
Seán Carolan
Saint Joseph's Secondary School, Drogheda, Co. Louth

FITE FUAITE

Nuair a bhí m'óileáin briste ina ríochtaí difriúla,
Roimh theacht na Críostaíochta,
Rud ab ea an camán a cheangail muid le chéile.
Nuair a tháinig fir iasachta thar an bpáirc ghorm,
Ag praeitseáil faoi fear thar cuimse,
D'úsáid siad ár bhfearas chun muid a thuig.
Nuair a tháinig ár gcomharsana anseo, trasna an mhuir,
Gan cuireadh ar bith,
D'ardaíomar ár maidí i neamhchead.
Agus d'éiríomar leis,
Tar éis tamall, bhí a gcumhacht ag dul ar gcúl.

Áfach, tar éis cúpla aois, tháinig na 'Planters',
Agus thosaigh millteanas ár gcultúr ársa. Ach ar aon nós,
Lean muid ar aghaidh ag tabhairt cic dár liathróidí, agus ag buaileadh ár sliotair.
Tar éis Cath Cionn tSáile agus 'Imeacht na nIarlaí',
Bhíomar fágtha inár n-aonar,
Fós, bhí an liathróid láimhe againn.
Nuair a bhí mé choinneáil, taobh thiar de na ballaí Droichead Átha,
Agus fórsaí Cromwell i mo thimpeall.
Bhí greim láidir agam ar mo liathróid peile.
Ansin, bhris siad tríd an gcloch,
Agus chuir siad cosc ar mo chluichí.

Nuair a chuireadh reiligiúin i dtreis le chéile,
Ag Cath na Bóinne, William in aghaidh James, Caitliceach in aghaidh Protastúnach,
Tháinig sliotair miotail amach as na gunnaí.
Nuair a bhí mé i mo sheasamh le mo chomrádaí,
Ag Cnoc Fhíodh na gCaor, in aice Inis Córthaidh,

Sheas muid le chéile, le bataí agus camáin, in aghaidh canóin agus muscaedí.

Nuair a ghoideadh ár neamhspleáchas,

Agus chaitheamar a bheith cruinn trasna na farraige,

Tháinig ár mbratacha inár dathanna contaetha.

Ar feadh blianta, bhíomar scartha ónár gcultúr, ár dteanga, ár gcluichí

Ach bhí an cheann is measa fós le teacht.

Nuair a bhí mé lag l'ocras,

Nuair a bhí mé chaitheadh as mo theach, ag starragánacht feadh an bhóthair,

Mo chroisín ab ea mo chamán.

Nuair a bhí mé i m'aonar,

Pacailte ar long cónga, ag dul go dtír deoranta,

Bhí fuaimeanna na páirce fós ag borradh i m'intinn.

Nuair a bhí mé ag siúil síos na sráideanna i Nua Eabhrac,

Nó Londain, nó Tír Van Diemen,

Bhí mé ag caitheamh mo gheansaí féin.

I ngach cúinne don dhomhan,

Bhí na cluichí i gcónaí ar chúl mo mheabhair.

Ar an lá stairiúil sin,

An chéad lá de mhí na Samhna, 1884

Chaitheadh líne tharrthála go dtí na cluichí gairmeacha.

San óstan sin i Durlas,

Nuair a bhunaigh Parnell, Cusack, Davitt, Croke, Davin; An Cumann Lúthcleas Gael,

Fuair ár gcluichí a nguthanna ar ais.

Nuair a bhuaigh Luimneach in aghaidh Contae Lú,

Nuair a thógadh Páirc an Chrócaigh,

Tháinig, peil, iománaíocht, liathróid láimhe agus daoracha ar ais le bhúir.

Ach ní raibh na gascaí sin,

Ach tosú ár n-athbheochan.

Ar sráideanna Bhaile Átha Cliath, ag am Cáisc 1916,
Nuair a bhí mé bunaithe le Pearse in Ard-Oifig an Phoist,
Chaith mé liathróidí amach as na fuinneoga.
Nuair a scaoileadh an chéad urchair don Chogadh na Saoirse,
Agus mharaíodh na neamhchiontaí i bPáirc an Chrócaigh,
Chualathas ár nglao mar shéid an fheadóg, le chumhacht an réiteoir.
Tar éis an foréigean, thosaigh níos mó foréigean,
Nuair a bhí deartháir in aghaidh deartháir, ag troideadh thar ruinne páipéir,
Thangamar le chéile arís, go gairid, faoi dathanna ár gclubanna, ár gcontaetha.
Nuair a bhí an tír seo níos scartha agus níos roinne ná a bhí riamh,
Bhí sé ár gcluichí traidisiúnta muid a cheangail le chéile arís.

Nuair a bhí an tír seo bocht,
Agus bhí sé orm an bád a thógáil go dtí Learpholl, Manchester nó Glasgow,
Thóg mé mo gheansaí in éineacht liom.
Le linn teacht an teicneolaíochta,
An raidió, an teilifís agus ar deireadh an t-idirlíon,
Úsáideadh iad chun na cluichí a féach ar, a éist leis agus chun teacht ar.
I ngach cúinne don domhan, i ngach áit a chuaigh na hÉireannaigh,
Ó Meiriceá go dtí an t-Astráil, ón Bhreatain go dtí an Airgintín,
Is iad na cluichí gairmeacha na rudaí a chuir i gcuimhne dúinn cé atáimid.
Cuireann peil, iománaíocht, liathróid lámhe agus daoracha mórchúis orainn.
Tá páirt lárnach acu inár gcultúr, inár n-aithne, inár gcarachtar.